



An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2017
(OR. fr)

12325/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0287 (COD)

CODEC 1418
TELECOM 217
FC 72

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 14 Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún a thogra¹, atá bunaithe ar Airteagal 172 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 26 Eanáir 2017².
Thug Coiste na Réigiún uaidh a thuairim ar an 8 Feabhra 2017³.
3. Ar an 12 Meán Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh, ar an gcéad léamh, maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis⁴.

¹ 12259/16.

² IO C 125, 21.4.2017, lch. 69.

³ IO C 207, 30.6.2017, lch. 87.

⁴ 12049/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 28/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireachtaí na Sualainne, na Spáinne agus na hÍsiltíre ag vótáil ina choinne;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1 agus in aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in aguisín 1, mar aon leis an ngníomh reachtach, a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
